# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2022/2505 ÓN gCOMHAIRLE

**an 8 Nollaig 2022**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Rialtas na Danmhairge agus Rialtas Baile Oileáin Fharó, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Rialtas na Danmhairge agus Rialtas Baile Oileáin Fharó, den pháirt eile ('an Comhaontú'), a thabhairt i gcrích trí bhíthin Chinneadh 97/126/CE ón gComhairle ([1]) agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 1997.

(2) Le hAirteagal 31(1) den Chomhaontú, bunaítear Comhchoiste, atá, *inter alia*, le cur chun feidhme cuí an Chomhaontaithe a áirithiú.

(3) Foráiltear le hAirteagal 31(3) den Chomhaontú go bhfuil an Comhchoiste lena rialacha nós imeachta féin a ghlacadh.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bhunú maidir lena rialacha nós imeachta a ghlacadh, ós rud é go mbeidh na rialacha nós imeachta sin ina gceangal ar an Aontas,

(5) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais sa Chomhchoiste a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh atá i gceangal leis seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Rialtas na Danmhairge agus Rialtas Baile Oileáin Fharó, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann lena rialacha nós imeachta a ghlacadh, is éard a bheidh ann tacú le glacadh an dréachtchinnidh ón gComhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

([1]) Cinneadh 97/126/CE ón gComhairle an 6 Nollaig 1996 maidir le comhaontú a thabhairt i gcrích idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Rialtas na Danmhairge agus Rialtas Baile Oileáin Fharó, den pháirt eile (IO L 53, 22.2.1997, lch. 1).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Nollaig 2022.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

V. RAKUŠAN

DRÉACHT

**CINNEADH Uimh. …/2023 Ó CHOMHCHOISTE CE/OILEÁIN FHARÓ**

**an …**

**lena ndéantar a Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh**

TÁ COMHCHOISTE CE/OILEÁIN FHARÓ,

Ag féachaint don Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Rialtas na Danmhairge agus Rialtas Baile Oileáin Fharó, den pháirt eile ([1]), agus go háirithe Airteagal 31(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 31(1) den Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Rialtas na Danmhairge agus Rialtas Baile Oileáin Fharó, den pháirt eile ('an Comhaontú'), bunaítear Comhchoiste atá, *inter alia*, le cur chun feidhme cuí an Chomhaontaithe a áirithiú.

(2) Foráiltear le hAirteagal 31(3) den Chomhaontú, go bhfuil an Comhchoiste lena rialacha nós imeachta féin a ghlacadh.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, na rialacha nós imeachta mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a ghlacadh chun feidhmiú an Chomhchoiste a rialáil,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Glactar leis seo Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, …

*Thar ceann an Chomhchoiste*
*An tUachtarán*

---

([1]) IO L 53, 22.2.1997, Lch. 2.

*IARSCRÍBHINN*

**Rialacha nós imeachta Chomhchoiste CE/Oileáin Fharó arna bhunú de bhun Airteagal 31(1) den Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Rialtas na Danmhairge agus Rialtas Baile Oileáin Fharó, den pháirt eile**

*Airteagal 1*

**Ról agus Ainm an Chomhchoiste**

1. An Coiste arna bhunú de bhun Airteagal 31(1) den Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Rialtas na Danmhairge agus Rialtas Baile Oileáin Fharó, den pháirt eile, (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta), tá sé freagrach as gach ábhar dá dtagraítear in Airteagal 31 den Chomhaontú.

2. Tagrófar don Choiste dá dtagraítear i mír 1 i ndoiciméid an Choiste, lena n-áirítear cinntí agus moltaí, mar Chomhchoiste CE/Oileáin Fharó (dá ngairtear an 'Comhchoiste' anseo feasta).

*Airteagal 2*

**Comhdhéanamh agus Cathaoirleach**

1. De bhun Airteagal 32 den Chomhaontú, tá an Comhchoiste comhdhéanta d'ionadaithe ón Aontas Eorpach agus ó Rialtas Oileáin Fharó ar leibhéal na n-oifigeach sinsearach nó dá gcuid ainmnithe.

2. Beidh cathaoirleacht an Chomhchoiste ag gach Páirtí de réir uainíochta. Is oifigeach sinsearach a bheidh ina chathaoirleach ar an gComhchoiste, oifigeach a dhéanann ionadaíocht thar ceann an Pháirtí a bhfuil an chathaoirleacht aige. Measfar go bhfuil sé d'údarás ag an gcathaoirleach ionadaíocht a dhéanamh ar an bPáirtí a shealbhaíonn an chathaoirleacht go dtí an dáta a thabharfaidh an Páirtí sin fógra dochathaoirleach nua don Pháirtí eile.

3. Agus mír 2 á cur i bhfeidhm, aistreofar an chathaoirleacht ó Pháirtí amháin go Páirtí eile ag tús gach bliana féilire agus mairfidh an chathaoirleacht bliain amháin. Tosóidh an chéad chathaoirleacht ar an dáta a ghlacfar na Rialacha Nós Imeachta seo agus tiocfaidh deireadh léi an 31 Nollaig den bhliain chéanna.

4. Áiritheoidh na Páirtithe gurb é an Páirtí a shealbhaíonn cathaoirleacht an Chomhchoiste é an Páirtí a eagraíonn an Comhchoiste bliantúil de bhun Airteagal 4(1) agus (2) de na Rialacha Nós Imeachta seo i mbliain an chathaoirligh.

*Airteagal 3*

**Rúnaíocht**

1. Gníomhóidh oifigeach de chuid an Choimisiúin Eorpaigh agus oifigeach de chuid Oileáin Fharó le chéile mar Rúnaí ar an gComhchoiste.

2. Tabharfaidh an dá Pháirtí fógra dá chéile faoi ainm, post, agus sonraí teagmhála an oifigigh atá ina bhall de Rúnaíocht an Chomhchoiste thar ceann an Pháirtí sin. Measfar an t-oifigeach a bheith fós ina bhall de Rúnaíocht an Pháirtí go dtí an dáta a thabharfaidh an Páirtí fógra don Pháirtí eile faoi chomhalta nua.

*Airteagal 4*

**Cruinnithe**

1. Tiocfaidh an Comhchoiste le chéile uair sa bhliain chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú ginearálta an Chomhaontaithe, mura bhforálann an cathaoirleach agus ionadaí an pháirtí eile sa Chomhchoiste a mhalairt. Ina theannta sin, tiocfaidh an Comhchoiste le chéile nuair is gá sin mar gheall ar chúinsí speisialta nó i gcásanna práinneacha arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí.

2. Tionólfar na cruinnithe ar an dáta a shocraítear agus ag an am a shocraítear ar bhonn idirmhalartach sa Bhruiséil agus i Tórshavn, mura gcinnfidh an cathaoirleach agus ionadaí an pháirtí eile sa Chomhchoiste a mhalairt.

3. Is é an cathaoirleach a ghairfidh na cruinnithe.

4. Féadfar cruinniú a reáchtáil i láthair a chéile, nó trí fhíschomhdháil, nó ar aon bhealach eile.

*Airteagal 5*

**Toscaireachtaí**

Laistigh de thréimhse réasúnta ama roimh aon chruinniú, déanfaidh an t-oifigeach atá ag gníomhú mar Rúnaí ar an gComhchoiste thar ceann Páirtí an t-oifigeach atá ag gníomhú mar Rúnaí thar ceann an Pháirtí eile a chur ar an eolas faoin gcomhdhéanamh atá beartaithe le haghaidh thoscaireachtaí an Aontais Eorpaigh agus Oileáin Fharó faoi seach. Sna liostaí sin, sonrófar ainm agus feidhm gach comhalta den toscaireacht.

*Airteagal 6*

**An clár oibre le haghaidh na gcruinnithe**

1. Dréachtóidh Rúnaí an Chomhchoiste clár oibre sealadach do gach cruinniú,14 lá roimh an gcruinniú ar a laghad, ar bhonn tograín bPáirtí a bheidh ina óstach ar an gcruinniú agus beidh spriocdháta ann do bharúlacha ón bPáirtí eile.

2. Glacfaidh an Comhchoiste an clár oibre ag tús gach cruinnithe. Féadfar míreanna nach bhfuil ar an gclár oibre sealadach a chur ar an gclár oibre de chomhthoil.

*Airteagal 7*

**Cuireadh a thabhairt do shaineolaithe**

Féadfaidh Páirtithe an Chomhchoiste, trí chomhaontú frithpháirteach, cuireadh a tabhairt do shaineolaithe (i.e. saineolaithe nach oifigigh rialtais iad) freastal ar chruinnithe den Chomhchoiste chun faisnéis a sholáthar maidir le hábhair shonracha agus ní bheidís i láthair ach amháin do na codanna den chruinniú a bhaineann leis na hábhair shonracha sin.

*Airteagal 8*

**Miontuairiscí**

1. An t-oifigeach atá ag gníomhú mar chomhalta den Rúnaíocht thar ceann an Pháirtí atá ina óstach ar an gcruinniú, dréachtóidh sé dréacht-mhiontuairiscí ar gach cruinniú laistigh de 15 lá ó dheireadh an chruinnithe, mura gcinnfidh an cathaoirleach agus ionadaí an pháirtí eile sa Chomhchoiste a mhalairt. Seolfar na dréacht-mhiontuairiscí chuig an gcomhalta den Rúnaíocht ón bPáirtí eile ar mhaithe le barúlacha a fháil.

2. I gcás ina mbeidh feidhm ag na Rialacha Nós Imeachta seo nuair a thiocfaidh fochoistí le chéile, cuirfear miontuairiscí chruinniú an fhochoiste ar fáil le haghaidh aon chruinniú de chuid an Chomhchoiste a bheidh ann dá éis sin.

3. Déanfar achoimre sna miontuairiscí, mar riail ghinearálta, ar gach ítim atá ar an gclár oibre, agus sonrófar an méid seo a leanas iontu, i gcás inarb infheidhme:

(a) na doiciméid ar fad a chuirtear faoi bhráid an Chomhchoiste;

(b) aon ráiteas a d’iarr ionadaí na bPáirtithe sa Chomhchoiste a chur sna miontuairiscí; agus

(c) na cinntí a rinneadh, na moltaí a rinneadh, na ráitis a comhaontaíodh agus na conclúidí a glacadh i leith ítimí sonracha.

4. Áireofar sna miontuairiscí liosta ar a mbeidh cinntí uile an Chomhchoiste a rinneadh trí nós imeachta i scríbhinn, de bhun Airteagal 9(2), ón uair dheireanach a bhí cruinniú ag an gComhchoiste.

5. Beidh iarscríbhinn ag gabháil leis na miontuairiscí freisin ina mbeidh liosta ainmneacha, teideal agus cáil na ndaoine ar fad a bhí i láthair ag cruinniú an Chomhchoiste.

6. Déanfaidh an Rúnaí na dréacht-mhiontuairiscí a choigeartú ar bhonn na mbarúlacha a fuarthas agus déanfaidh na Páirtithe na dréacht-mhiontuairiscí, arna n-athbhreithniú, a fhormheas laistigh de thríocha lá ó dháta an chruinnithe, nó faoi aon dáta eile arna shocrú ag na Páirtithe. Nuair a bheidh siad formheasta, bunóidh an Rúnaíocht dhá scríbhinn bhunaidh de na miontuairiscí agus gheobhaidh na Páirtithe araon scríbhinn bhunaidh amháin díobh.

*Airteagal 9*

**Cinntí agus moltaí**

1. Féadfaidh an Comhchoiste cinntí agus moltaí a ghlacadh i gcás gach ábhair dá bhforáiltear amhlaidh leis an gComhaontú. Glacfaidh an Comhchoiste cinntí agus moltaí de chomhthoil, dá bhforáiltear in Airteagal 31(1) agus in Airteagal 32(2) den Chomhaontú.

2. Sa tréimhse idir cruinnithe, féadfaidh an Comhchoiste cinntí nó moltaí a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn.

3. Déanfaidh comhalta Rúnaíocht an Pháirtí atá á chur chun cinn dréachtchinnidh nó téacs dréachtmholta a thíolacadh i scríbhinn chuig comhalta Rúnaíocht an Pháirtí eile i dteanga oibre an Chomhchoiste. Beidh mí amháin, nó tréimhse níos faide a shonróidh an Páirtí atá á chur chun cinn, ag an bPáirtí eile lena chur in iúl go gcomhaontaíonn sé leis an dréachtchinneadh nó dréachtmholadh sin. Mura gcuirfidh an Páirtí eile in iúl go gcomhaontaíonn sé leis an gcinneadh nó an moladh, pléifear an cinneadh nó an moladh atá beartaithe ag an gcéad chruinniú eile den Choiste agus féadfar é a ghlacadh ag an gcruinniú sin. Measfar na dréachtchinntí nó dréachtmholtaí a bheith glactha a luaithe a chuirfidh an Páirtí eile in iúl go gcomhaontaíonn sé leo agus déanfar sin a thaifeadadh i miontuairiscí chruinniú an Chomhchoiste de bhun Airteagal 8(3).

4. I gcás ina dtugtar de chumhacht don Chomhchoiste faoin gComhaontú cinntí nó moltaí a ghlacadh, tabharfar ‘Cinneadh’ nó ‘Moladh’ ar na gníomhartha sin faoi seach. Cuirfidh Rúnaíocht an Chomhchoiste sraithuimhir chéimnitheach, dáta glactha agus tuairisc ar an ábhar le haon chinneadh nó moladh. Déanfar foráil i ngach cinneadh nó moladh maidir le dáta a theacht i bhfeidhm.

5. Déanfar na cinntí agus na moltaí arna nglacadh ag an gComhchoiste a bhunú i ndúblach, arna bhfíordheimhniú ag na Páirtithe agus cuirfear leagan díobh chuig gach Páirtí.

*Airteagal 10*

**Trédhearcacht**

1. Féadfaidh na Páirtithe cinneadh a dhéanamh teacht le chéile go poiblí.

2. Féadfaidh gach Páirtí cinneadh a dhéanamh cinntí agus moltaí ón gComhchoiste a fhoilsiú ina fhoilseachán oifigiúil féin faoi seach nó ar líne.

3. Ba cheart a mheas gur doiciméid rúnda iad na doiciméid uile arna gcur isteach ag Páirtí, mura gcinnfidh an cathaoirleach agus ionadaí an pháirtí eile sa Chomhchoiste a mhalairt.

4. Cuirfear cláir oibre shealadacha na gcruinnithe ar fáil go poiblí roimh gach cruinniú de chuid an Chomhchoiste. Cuirfear miontuairiscí na gcruinnithe ar fáil go poiblí tar éis a bhformheasta i gcomhréir le hAirteagal 8.

5. Foilseofar na doiciméid dá dtagraítear i míreanna 2 go 4 i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí is infheidhme de chuid gach Páirtí.

*Airteagal 11*

**Teangacha**

1. Béarla a bheidh i dteanga oibre an Chomhchoiste.

2. Glacfaidh an Comhchoiste cinntí a bhaineann leis an gComhaontú a leasú nó a léirmhíniú i dteangacha théacsanna barántúla an Chomhaontaithe. Gach cinneadh ón gComhchoiste, lena n-áirítear an cinneadh lena nglacfar na Rialacha Nós Imeachta, is sa teanga oibre dá dtagraítear i mír 1 a dhéanfar é a ghlacadh.

3. Beidh gach Páirtí freagrach as cinntí agus doiciméid eile a aistriú go dtí a theanga oifigiúil féin nó a theangacha oifigiúla féin, má cheanglaítear amhlaidh de bhun an Airteagail seo, agus íocfaidh sé as caiteachas a bhaineann leis an aistriúchán sin.

*Airteagal 12*

**Caiteachas**

1. Íocfaidh gach Páirtí as aon chaiteachas a thabhóidh sé de thoradh a bheith rannpháirteach i gcruinnithe an Chomhchoiste, maidir le caiteachas foirne, taistil agus cothaithe go háirithe, agus maidir le caiteachas físchomhdhálacha, teileachomhdhálacha, poist agus teileachumarsáide.

2. Is é an Páirtí a bheidh ina óstach ar an gcruinniú a íocfaidh as an caiteachas i ndáil le cruinnithe a eagrú agus doiciméid a atáirgeadh.

3. Is é an Páirtí atá ina óstach ar an gcruinniú a íocfaidh as caiteachas a bhaineann le seirbhísí ateangaireachta a chur ar fáil ag cruinnithe chun ateangaireacht a dhéanamh go dtí teanga oibre an Chomhchoiste agus ón teanga sin.

*Airteagal 13*

**Meithleacha**

1. Chun a chúraimí a chomhlíonadh go héifeachtach, féadfaidh an Comhchoiste meithleacha oibre a chur ar bun faoina údarás, meithleacha a bheidh freagrach as déileáil le hábhair shonracha faoin gComhaontú. Chuige sin, is é an Comhchoiste a chinnfidh comhdhéanamh agus cúraimí na meithleacha sin.

2. De bhun Airteagal 33(3) den Chomhaontú, déanfaidh an Comhchoiste maoirseacht ar obair na meithleacha oibre uile a bhunaítear faoin gComhaontú.

3. Cuirfear an Comhchoiste ar an eolas i scríbhinn faoi na pointí teagmhála a ainmneoidh na meithleacha oibre faoin gComhaontú. Cuirfear gach comhfhreagras, doiciméad agus cumarsáid ábhartha idir pointí teagmhála gach meithle oibre a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe ar aghaidh an tráth céanna chuig Rúnaíocht an Chomhchoiste.

4. Tuairisceoidh na meithleacha oibre don Chomhchoiste maidir le torthaí agus conclúidí gach ceann dá gcruinnithe.

5. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na Rialacha Nós Imeachta seo maidir leis na meithleacha a bhunaítear faoin gComhaontú.

*Airteagal 14*

**Na Rialacha Nós Imeachta a Leasú**

Féadfar na Rialacha Nós Imeachta seo a leasú i scríbhinn le cinneadh ón gComhchoiste i gcomhréir le hAirteagal 9.